Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2025/0311(COD)

3.2.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 a mhéid a bhaineann le hailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh
(COM(2025)0591 – C10-0227/2025 – 2025/0311(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéirí: Markus Ferber, Carla Tavares

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 a mhéid a bhaineann le hailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh
(COM(2025)0591 – C10-0227/2025 – 2025/0311(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0591),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0227/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2025[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

[1] IO C, C/2025/6772, 23.12.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202506772

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, ceadaítear idirphlé eacnamaíoch idir institiúidí an Aontais, arna iarraidh sin do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, chun plé a dhéanamh ar chinntí a dhéantar i ndáil le forchur smachtbhannaí airgeadais mar gheall ar neamhchomhlíonadh rialacha fioscacha an Aontais. ***D'fhéadfadh an t-idirphlé sin a bheith ann mar chuid den idirphlé eacnamaíoch a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1263.***	(7) ***Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun trédhearcacht agus cuntasacht mhéadaitheach a áirithiú,*** le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, ceadaítear idirphlé eacnamaíoch idir institiúidí an Aontais, arna iarraidh sin do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, chun plé a dhéanamh ar chinntí a dhéantar i ndáil le forchur smachtbhannaí airgeadais mar gheall ar neamhchomhlíonadh rialacha fioscacha an Aontais.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Chun trédhearcacht, cuntasacht agus úinéireacht i leith na gcinntí atá déanta i gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a mhéadú, féadfar idirphlé eacnamaíoch a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le sonrú ábhar na ndréachtphleananna buiséadacha, maidir le torthaí phlé an Ghrúpa Euro faoi thuairimí ón gCoimisiún maidir le DPBanna a mhéid a cuireadh ar fáil go poiblí iad, agus maidir leis an measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine. ***Chun idirphlé a shimpliú idir institiúidí an Aontais agus chun faireachas fioscach níos comhtháite a cheadú, d'fhéadfaí an t-idirphlé eacnamaíoch sin a chomhtháthú leis an idirphlé eacnamaíoch a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/1263.***	(27) Chun trédhearcacht, cuntasacht agus úinéireacht i leith na gcinntí atá déanta i gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a mhéadú, féadfar idirphlé eacnamaíoch a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le sonrú ábhar na DPBanna, maidir le torthaí phlé an Ghrúpa Euro faoi thuairimí ón gCoimisiún maidir le DPBanna a mhéid a cuireadh ar fáil go poiblí iad, agus maidir leis an measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011
Airteagal 13 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Athbhreithniú	Athbhreithniú ***agus tuarascálacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe ii
Rialachán (AE) Uimh. 473/2013
Airteagal 15 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) scriostar pointe (d);	***scriosta***

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 – pointe a – pointe ii a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 473/2013
Airteagal 15 – mír 1 – pointe d

An téacs atá ann	*Leasú*
	(iia) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
(d) ***gníomhartha*** na Comhairle ***dá dtagraítear in Airteagal 9(4) agus in Airteagal 12(3)***.	***'***(d) ***moltaí ón*** gComhairle ***arna bpoibliú faoi Airteagal 126(8) CFAE.';***

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 473/2013
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) scriostar pointe 2;	***scriosta***

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 – pointe b a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 473/2013
Airteagal 15 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ba) leasaítear mír 2 mar a leanas:
2. Féadfaidh an coiste inniúil i bParlaimint na hEorpa deis a thairiscint do Bhallstát ar ábhar do ***mholadh ón gCoimisiún é faoi Airteagal 11(2) nó*** do ghníomhartha ón gComhairle ***amhail*** dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 páirt a ghlacadh i malartú tuairimí.	***'***2. Féadfaidh an coiste inniúil i bParlaimint na hEorpa deis a thairiscint do Bhallstát ar ábhar do ghníomhartha ***ón*** gComhairle é dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 a bheith rannpháirteach i malartú tuairimí***'.***

Or. en

Réasúnú

Tá sé beartaithe ról na Parlaiminte a choinneáil le hathbhunú an 'idirphlé eacnamaíoch' (Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013).